| Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta | **Meitheal Forbartha, Cruinniú 10, an 10 Nollaig 2025.**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Iniúchadh céim ar chéim ar an dréachtsonraíocht** | Rinneadh imscrúdú ar an dréachtsonraíocht, arna cur in eagar i bhfianaise aiseolas comhairliúcháin. Ar na cinntí a rinneadh, bhí comhaontú ar atheagar ar an smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus ar chroí-choincheap na nAlgartam, coinníodh an Modúlú mar théarma ach cuireadh síos don athchúrsáil nach mbeadh sé ábhartha ach amháin i gcás Algartaim Mhearshórtála, coinníodh Geataí Loighce mar gheall ar na buntáistí oideolaíochta a bhaineann leo ach gearradh siar ar a scála, i gcomparáid leis an tsonraíocht reatha, bhí sifir lena gcuimsiú, bhí an Samhaltú lena ainmniú ina chroí-choincheap, bhíothas le tomhais agus modhanna staitistiúla a choinneáil oscailte chun sonraí a léiriú agus na teangacha ríomhchlárúcháin a ghlacadh isteach sa phríomhthéacs, tar éis plé ar na himpleachtaí a bhaineann le gan aon srianta a bheith ann maidir leis an teanga a d'fhéadfaí a úsáid sa Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis. |
| **Machnamh agus tacaíocht le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil** | Rinne an Mheitheal Forbartha machnamh ar phróiseas an-chomhoibritheach ionchuimsitheach agus rinneadh roinnt mion-mholtaí chun feabhais le haghaidh Meithleacha Forbartha eile amach anseo. Rinneadh dréacht-thacaíochtaí le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil a chur i láthair agus ar na príomhréimsí eile a ndearnadh plé orthu, bhí, FGL/EFG ardchaighdeáin a chinntiú, an Ríomheolaíocht a bheith ina hábhar praiticiúil ar an gclár ama, comhionannas rochtana laistigh de scoileanna agus do scoileanna, spás foghlama Ríomheolaíochta, ríomhairí tiomnaithe don Ríomheolaíocht murab ionann agus úsáid ghinearálta ríomhairí i scoileanna, maoiniú breisithe le haghaidh crua-earraí go háirithe, straitéisí sistéamacha le haghaidh roghnú spriocdhírithe, agus tacaíocht i dtaca le fíordheimhniú múinteora ar CMBanna. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Cuirfear an dréachtsonraíocht chun cinn trí chainéil CNCM in 2026 sula ndéanfaidh Coiste an Bhoird Staidéir agus an Chomhairle í a fhaomhadh lena foilsiú. Ghabh an cathaoirleach buíochas le gach comhalta agus leis an bhfeidhmeannas as a dtiomantas, a saineolas, a ndúthracht agus as a gcomhghleacaíocht. |